# An Oifig Luachála

## Tuarascáil Bhliantúil

# 2018

Eagraíocht Stáit na hÉireann
maidir le Luacháil Maoine



Valuation Office
Oifig Luachála

# Cuirtear seirbhís luachála éifeachtúil neamhchlaonta ar fáil don saoránach agus do na páirtithe leasmhara eile









# Réamhrá

Tá ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil na hOifige Luachála (VO) don bhliain 2018 a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil de réir Alt 41 den Acht Luachála 2001.


Ullmhaíodh, tar éis feidhmeanna na hOifige Luachála a aistriú ón 1 Eanáir 2018 chun feidhmiú faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG), Plean Straitéiseach nua a chlúdaíonn an tréimhse 2018 go 2020 agus cuireadh an plean faoi bhráid an Aire i mí an Mheithimh 2018.

Cuireann an Tuarascáil Bhliantúil seo cuntas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana 2018 agus ar obair na foirne ó thaobh freastal ar riachtanais na gcustaiméirí, ar fáil, chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta againn i gcur na spriocanna agus na dtosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach chun cinn.

Le linn na bliana, tá caidreamh fiúntach bunaithe againn lenár gcomhghleacaithe nua sa DHPLG agus is mian liom buíochas a ghlacadh leo as ucht a dtacaíocht agus a gcúnamh. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh freisin lenár gcomhghleacaithe i Ranna agus in Oifigí eile, go háirithe Oifig an Phríomh-Aturnae Stát, oifig ar oibríomar go dlúth léi agus a chuir cúnamh sárluachmhar ar fáil ar feadh na bliana.

Gabhaim buíochas le comhaltaí Bord Bainistíochta na hOifige Luachála as a dtacaíocht agus a n-iarrachtaí leanúnacha le bliain fíor-rathúil a chinntiú don eagraíocht sa bhliain 2018. Agus, ar ndóigh, is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh agus moladh a thabhairt don fhoireann as a ndúthracht agus a dtiomantas ar feadh na bliana 2018, ní bheadh ár gcuspóirí bainte amach againn ná seachadadh déanta ar ár gcuid pleananna dá n-uireasa. Tá a ndúthracht agus a rannpháirtíocht mar bhonn taca lena bhfuil idir lámha againn agus táim ag tnúth go mór leanúint leis an sár-obair sa bhliain 2019 agus níos faide ar aghaidh ná sin.

Ní neart go cur le chéile!



John O'Sullivan
Coimisinéir Luachála
Feabhra 2019

# Sracfhéachaint ar an mbliain 2018

Féinmheasúnú ar **THIONSCADAL PÍOLÓTACH TUGTHA CHUN CRÍCHE** go rathúil i gContae Laoise

**PLEAN STRAITÉISEACH NUA** do 2018 -2020 na hOifige Luachála foilsithe

Cuireadh athluacháil chun cinn in **8 ÚDARÁIS ÁITIÚLA**: Reval 2019

**EISÍODH 766 TEASTAS** trí sheirbhís na hOifige Poiblí agus Cartlainne

Luacháil déanta ar **1,915 MAOIN NUA** den chéad uair a bhfuil **OS CIONN €34.56 MILLIÚN D'IONCAM BREISE** d'Údaráis Áitiúla mar thoradh air

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Misean agus Luachanna | 1 |
| Ról na hOifige Luachála | 2 |
| Tailte Éireann | 3 |
| Ár gCuid Oibre | 4 |
| Rialachas Corparáideach | 5 |
| Airgeadas agus Leibhéil Foirne | 7 |
| Ag Cur an Chláir Náisiúnta Luachála chun cinn | 8 |
| Athbhreithniú Leanúnach ar Luacháil | 10 |
| Páirtdíolúine ó Rátaí Tráchtála do Chlubanna Spóirt Pobail | 11 |
| Díolúine ó Rátaí Tráchtála do Shaoráid Pobail Cúram Leanaí | 12 |
| Achomhairc Luachála | 13 |
| Luachálacha maidir le Bonneagar agus le Maoin Stát | 14 |
| Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí Eile | 15 |
| Oiliúint agus Forbairt | 17 |
| Soláthar | 18 |
| Seirbhísí na hOifige Poiblí | 19 |
| Taifid Chartlainne | 20 |
| Aguisín 1 – 2018 i bhFigiúirí | 21 |
| Aguisín 2 – Ioncam agus Caiteachas 2018 | 23 |
| Aguisín 3 – Achomhairc Luachála 2018 | 24 |
| Aguisín 4 – Daoine a bhí ag feidhmiú mar Choimisinéir Luachála agus mar Phríomh-Shuirbhéir Teorann | 25 |
| Aguisín 5 – Ráta Bliantúil ar Luacháil (ARV) 2018 | 26 |
| Aguisín 6 – Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha | 27 |

# Misean agus Luachanna

(Foinse: Plean Straitéiseach na hOifige Luachála 2018-2020)

## 1.1 Misean

Is eagraíocht luachála maoine Stáit atá san Oifig Luachála agus tá an Oifig i mbun na bhfeidhmeanna sin ón mbliain 1830. Is é misean na hOifige Luachála tacaíocht a thabhairt do bheartas Rialtais trí sheirbhís luachála maoine atá éifeachtach agus neamhchlaonta a chur ar fáil do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara eile.

## 1.2 Luachanna, Iompar agus Cultúr na Corparáide

Mar a leagtar inár bPlean Straitéiseach 2018-2020 tá gach comhalta foirne tiomanta do mhisean na heagraíochta a chur i gcrích go sásúil agus d'fhorbairt leanúnach na hOifige. Is iad seo a leanas na croí-luachanna atá á gcur chun cinn againn:

### *Ionracas agus Meas*

Tugaimid faoinár gcuid oibre le hionracas agus le meas ar chustaiméirí agus ar a chéile. Aithnímid go bhfuil rathúlacht na heagraíochta bunaithe ar cheannaireacht atá láidir agus tiomanta, ar an gcion aonair agus ar iarrachtaí comhordaithe foirne.

### *Tús Áite do Leas an Phobail*

Táimid tiomanta ó thaobh freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara trí sheirbhísí atá ar ardchaighdeán a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail. Déanaimid ár ndícheall lena chinntiú go bhfuil córais agus próisis solúbtha, inoiriúnaithe agus go bhfuil an acmhainneacht acu freagairt d'éilimh na bpáirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach.

### *Cuntasach*

Cuirimid timpeallacht oibre chun cinn, timpeallacht ina nglacann gach comhalta foirne úinéireacht phearsanta as freagracht agus as cuntasacht a gcuid gníomhartha, iompar, cinntí agus torthaí.

### *Tiomantas do Shármhaitheas*

Cothaímid timpeallacht ina spreagtar an uile dhuine lena lánacmhainneacht phearsanta a bhaint amach agus áit ina dtugtar aitheantas don mhéid a dhéanann an uile dhuine.

# Ról na hOifige Luachála

**2.1** Tá sé mar aidhm chroíláir ag an Oifig Luachála bonn luachála aonchineálach agus cothrom a bhunú agus a choinneáil, lenar féidir le húdaráis áitiúla rátaí tráchtála a ghearradh, de réir na nAchtanna Luachála 2001 go 2015. Tá na luachálacha seo ina gcuid lárnach de chóras na rátaí tráchtála in Éirinn agus tá siad mar bhunús le maoiniú de thart ar €1.5 billiún a chur ar fáil d'údaráis áitiúla gach aon bhliain.

**2.2** Cuirimid seirbhísí luachála ar fáil do Ranna Rialtais, do Ghníomhaireachtaí Stáit agus do chomhlachtaí poiblí eile freisin. Tugaimid faoi luachálacha caipiteal agus cíos margaidh oscailte lena n-áirítear luachálacha d'athbhreithniú cíosa do na custaiméirí seo. Cuirtear luachálacha margaidh oscailte ar fáil do mhaoin atá á n-aistriú idir Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit agus údaráis agus gníomhaireachtaí eile, go háitiúil agus go náisiúnta araon.

**2.3** Oibrímid le raon leathan custaiméirí agus le páirtithe leasmhara eile agus muid i mbun ár gcuid oibre, lena n-áirítear, lucht íoctha rátaí agus daoine eile den phobal, údaráis áitiúla, gníomhairí gairmiúla atá ag feidhmiú thar ceann lucht íoctha rátaí nó cliaint eile, agus lucht taighde/gníomhairí maidir le gnóthaí ginealais agus an lucht foirne i Ranna eile Stáit agus in Oifigí eile Stáit, lena n-áirítear an Binse Luachála neamhspleách.

Tá an Oifig Luachála freagrach as an tseirbhís luachála Stát in Éirinn **ón mbliain 1830**

Is Oifig Neamhspleách atá ionainn faoi choimirce an **Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil**

Fostaímid thart ar **130 duine**

Caithimid thart ar **€10 milliún** le seirbhísí a chur ar fáil gach aon bhliain

Bailítear thart a **€1.5 billiún** in ioncam Údaráis Áitiúil gach aon bhliain mar thoradh ár gcuid oibre

# Tailte Éireann

**3.1** Mar chuid de chlár cuíchóirithe Comhlachtaí Stáit an Rialtais, tá obair ar siúl ar chumasc na hOifige Luachála, Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) agus an Údaráis Clárúcháin Maoine (PRA). Tabharfar Tailte Éireann ar an eagraíocht nua a eascróidh as an gcumasc agus beidh an eagraíocht nua freagrach as roinnt feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áirítear:

- Córas clárúcháin maoine an Stáit
- Bonneagar mapála agus suirbhéireachta an Stáit
- Seirbhís maidir le luacháil ar mhaoin an Stáit
- Forbairt agus cothabháil ar eolas geospásúil an Stáit
- Déileáil le hiarratais maidir le bunchíosanna a cheannach

Aistríodh feidhmeanna an dá eagraíocht atá ag cumasc ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus tá siad ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ón 1 Eanáir 2018.



Tailte Éireann
Clárúchán | Luacháil | Suirbhéireacht
Registration | Valuation | Surveying

# Ár gCuid Oibre

**4.1** Tá an Oifig Luachála rannpháirteach i gclár náisiúnta i láthair na huaire le hathluacháil a dhéanamh ar gach maoin tráchtála agus tionsclaíochta ar fud na hÉireann. Is é an cuspóir atá leis na hathluachálacha seo, cur le cothromas, aonfhoirmeacht agus trédhearcacht an chórais rátála údaráis áitiúil do mhaoin neamhchónaithe.

**4.2** Chomh maith leis an gclár náisiúnta athluachála a leathadh amach, cuireann an Oifig seirbhís luachála ar fáil chun críocha rátála do na húdaráis áitiúla go léir, trína ndéantar athbhreithniú ar luacháil na maoine atá ann cheana féin agus trína ndéantar luacháil maoin nua a chur isteach ar an Liosta Luachála mar chuid den phróiseas ar a dtugtar "Athbhreithniú" Luachála. Eascraíonn iarratais ar Athbhreithniú luachálacha as athrú ábhartha ar mhaoin tráchtála atá ann cheana féin, ar nós síneadh, foroinnt nó cónascadh dhá mhaoin nó níos mó maoine nó maoin tráchtála nua a chríochnú.

**4.3** Tá freagracht ar an gCoimisinéir Luachála atá ina Phríomh-Shuirbhéir Teorann agus ina Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Luachála (Vóta 16 den Chuntas Leithreasa) freisin, as bainistíocht fhoriomlán na hOifige Luachála, lena n-áirítear bainistíocht foirne, seachadadh téarmaí tagartha lárnacha na hOifige maidir le soláthar luachálacha tráchtálacha atá cothrom le dáta do mhaoin tráchtála agus tionsclaíochta do lucht íoctha rátaí agus do na húdaráis rátála, seachadadh clár náisiúnta luachála, seachadadh clár maidir le hathbhreithniú ar luacháil reatha, soláthar seirbhís chomhairleoireachta luachála d'eagraíochtaí Rialtais agus mar Phríomh-Shuirbhéir Teorann, comhairle a chur ar fáil maidir le socrú teorainneacha mara agus teorainneacha reachtúla.

**4.4** Tá liosta de na daoine a bhí ag feidhmiú mar Choimisinéir Luachála agus mar Phríomh-Shuirbhéir Teorann, ó cuireadh tús leis an dá phost, san áireamh in Aguisín 4.

LAOIS REVAL
ADVANCING IRELAND'S NATIONAL REVALUATION PROGRAMME

REVAL 2017
ADVANCING IRELAND'S NATIONAL REVALUATION PROGRAMME

REVAL 2019
ADVANCING IRELAND'S NATIONAL REVALUATION PROGRAMME

REVAL 2021
COMPLETING IRELAND'S NATIONAL REVALUATION PROGRAMME

# Rialachas Corparáideach

## An Bord Bainistíochta

**5.1** Is é an Coimisinéir Luachála an Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na hOifige Luachála. Is é ról an Bhoird Bainistíochta tacaíocht a thabhairt don Choimisinéir chun teacht ar chinntí maidir le treo straitéiseach na hOifige Luachála, straitéisí cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus freastal ar fhreagrachtaí rialachas corparáideach na hOifige. Tá comhaltas an Bhoird déanta suas den Choimisinéir, Ceann na Seirbhísí Luachála, an Bainisteoir Acmhainní Daonna agus Airgeadais, an Príomhoifigeach Faisnéise agus Luachálaithe Bainistíochta.



**Members of the Valuation Office Management Board**
(L to R): Terry Fahey, Patrick Kyne, Mary Smyth, Commissioner John O'Sullivan, Liam Butler, Carol Spain
(Absent: Declan Lavelle and Martin Fagan)

## Tuairisciú Airgeadais

**5.2** Cuireadh Tuairiscí Airgeadais a thaispeánann mionsonraí maidir le caiteachas i gcoinne buiséid faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta agus rinne siad breithniú orthu ar bhonn míosúil ar feadh na bliana.

**5.3** Lean an Oifig Luachála ag cloí le gnéithe ábhartha de *Chód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe* ar feadh na bliana 2018.

## Bainistíocht Riosca

**5.4** Feidhmíonn an Oifig Luachála beartas Bainistíochta Riosca foirmiúil agus déanann cothabháil ar Chlár Riosca de réir treoirlínte na Roinne Airgeadais, a ndéantar cothabháil air ar bhonn leanúnach. Tá cothabháil an chláir leagtha amach lena chinntiú go n-aithnítear riosca agus go ndéantar measúnú air agus go gcuirtear na gníomhartha maolaithe atá riachtanach i bhfeidhm, de réir mar a cheadaíonn acmhainní.  Tá an Clár Riosca curtha le chéile thar ceann an Bhoird Bainistíochta agus déanann comhaltaí an Bhoird athbhreithniú air ar bhonn ráithe ar a laghad.

**5.5** Agus staidéar á dhéanamh ar phríomhthosaíochtaí na heagraíochta, is iad na príomhrioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Oifig ag deireadh na bliana 2018:

- *Tionchar oibríochta a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh Rialacha nua an Bhinse Luachála*
- *Cliseadh freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara ó thaobh seirbhísí Leasaithe a sholáthar ag teacht le Plean Straitéiseach 2018-2020 na hOifige Luachála*
- *Cliseadh maoiniú cuí a fháil don chóras ICT nua, ar a dtugtar Tionscadal AXIA.*

## Eile

**5.6** Chloígh an Oifig Luachála, le linn na bliana 2018, le forálacha ábhartha an *Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit* a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**5.7** Tugadh Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta chun críche idir an Coimisinéir Luachála agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i mí na Bealtaine 2018. Sainordaíonn an Comhaontú Maoirseachta comhlíonadh leanúnach le ceanglais ábhartha an *Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.*

**5.8** Le linn na bliana 2018, d'fhreagair an Oifig Luachála thart ar 11 Ceist Pharlaiminte, 45 Ceist ó Ionadaithe Polaitiúla agus 10 gceist ón bpreas.



# Airgeadas & Leibhéil Foirne

## Leibhéil Foirne

**6.1** Amhail deireadh na bliana 2018, bhí líon foirne de 128.35 comhionann lánaimseartha iomlán fostaithe ag an Oifig Luachála. Is státseirbhísigh iad an fhoireann go léir agus faigheann siad luach saothair de réir scálaí pá na Státseirbhíse.  Ní raibh aon chomhalta foirne ag fáil sochar neamhphá breise.

## Caiteachas agus Teacht Isteach Vóta na hOifige Luachála

**6.2** Feidhmíonn an Oifig Luachála mar oifig neamhspleách faoi choimirce Aire Rialtais agus tá an Oifig maoinithe faoina Vóta féin (Vóta 16). Aistríodh freagracht Aireachta na hOifige ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais chuig an Aire Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil ón 1 Eanáir 2018.

Clúdaíonn Vóta 16 dhá chlár; Baineann Clár A le hobair na hOifige Luachála féin agus baineann Clár B le hobair an Bhinse Luachála atá Neamhspleách. Is é an Coimisinéir Luachála an tOifigeach Cuntasaíochta do chaiteachas agus d'ioncam go léir faoi Vóta 16. Baineann an Tuarascáil Bhliantúil áfach, le hobair na hOifige Luachála amháin agus ní dhéanann tuairisciú ar obair an Bhinse Luachála.

**6.3** Faoi dheireadh na bliana 2018, b'ionann an t-ollchaiteachas iomlán do Vóta 16 agus €9.9 milliún, arbh ionann é agus 86% de sholáthar iomlán an vóta don bhliain.  B'ionann an teacht isteach ó Leithreas i gCabhair agus €1.8 milliún agus is ionann an t-ioncam seo agus 160% de shuim mheasta an vóta don bhliain. Ar an iomlán, b'ionann glanchaiteachas ag deireadh na bliana agus 77% den ghlanvóta iomlán de €10.44 milliún.

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar leithdháiltí agus ar thorthaí buiséid don tréimhse 2016 – 2018 do Vóta 16 a áiríonn an Oifig Luachála agus an Binse Luachála araon:

| | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Leithdháileadh Buiséid | 10,641 | 11,368 | 11,587 |
| Toradh Buiséid | 9,491 | 9,681 | 9,914 |

*Aguisín 2* – cuireann *Caiteachas agus Ioncam* briseadh síos neamhiniúchta ar fáil de thoradh an vóta don Oifig Luachála (Vóta 16) do 2018.

## Iniúchóireacht

**6.4** Níor aimsigh Oifig Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, aon laigí suntasacha in aon réimse a clúdaíodh san iniúchóireacht a rinneadh ar Chuntas Leithreasa do Vóta 16 sa bhliain 2017.

Thug Aonad Iniúchta agus Riosca Inmheánaigh na hOifige Luachála athbhreithniú amháin maidir le hiniúchadh inmheánach chun críche le linn na bliana 2018 agus bhí dhá athbhreithniú eile tugtha chomh fada leis an gcéim dréacht-tuarascála faoi dheireadh na bliana 2018.

# Ag Cur an Chláir Náisiúnta Athluachála Chun Cinn

**7.1** De réir Achtanna Luachála 2001-2015, tá clár náisiúnta á leathadh amach de réir a chéile le hathluacháil a dhéanamh ar an maoin tráchtála go léir sa Stát. Is é seo an chéad chlár athluachála ar bhonn náisiúnta ó lár an naoú haois déag agus tá sé ina thosaíocht straitéiseach ag an Rialtas.

**7.2** Tá thart ar 150,000 maoin tráchtála agus tionsclaíochta ar fud na hÉireann atá faoi dhliteanas rátaí a íoc. Is é atá mar chuspóir le hathluacháil, dliteanais rátaí tráchtála a athdháileadh idir lucht íoctha rátaí bunaithe ar luach cíosa an mhargaidh atá suas chun dáta. Ar an mbonn sin, tar éis na hathluachála, tá an gaol i bhfad níos dlúithe idir luachanna cíosa comhaimseartha agus dliteanas rátaí tráchtála. Bíonn dliteanas rátaí atá laghdaithe á bhrath ag roinnt den lucht íoctha rátaí cé go mbíonn dliteanas méadaithe le brath ag roinnt eile ón bpróiseas athdháilte, ach ar an iomlán tá ualach na rátaí á leithdháileadh ar bhealach níos cothroime agus níos aonfhoirmí.

**7.3** Tá cur chun cinn an Chláir Náisiúnta Athluachála mar ghné lárnach i b*Plean Straitéiseach 2018-2020* na hOifige Luachála agus bhí sé mar phríomhthosaíocht ar feadh na bliana 2018.

## Luacháil le Cuidiú an Áititheora

**7.4** Cuireadh tús an 26 Feabhra 2018 le hathluacháil i gceantar údarás rátála Chomhairle Chontae Laoise agus úsáid a bhaint as cuid 5A de na hAchtanna Luachála 2001-2015, foráil nua a cheadaíonn athluacháil a stiúradh agus gnéithe féinmheasúnaithe á n-úsáid ar a dtugtar "Luacháil le Cuidiú an Áititheora". Ceanglaíonn sé seo ar áititheoir maoin tráchtála luacháil maidir lena maoin a chur faoi bhráid chun críocha luachála lena breithniú ag an Oifig Luachála. Le linn athluachála i gContae Laoise, thángthas ar luachálacha nua trí fhaisnéis a fuarthas ó áititheoirí a bhreithniú agus trí thagairt d'fhaisnéis an mhargaidh áitiúil agus sonraí trádála a bhí bailithe agus a raibh anailís déanta ag an Oifig Luachála orthu ar dháta luachála den 30 Deireadh Fómhair 2015.

Eisíodh 1,903 Teastas Luachála an 18 Deireadh Fómhair 2018 ar an lucht íoctha rátaí go léir i gContae Laoise agus foilsíodh Liosta Luachála nua an 26 Deireadh Fómhair 2018. Tá feidhm leis na luachálacha nua seo chun críocha rátaí ón 1 Eanáir 2019. B'ionann an ráta ionadaíochta do Chontae Laoise agus thart ar 9.8%. Ba é an 22 Samhain 2018 an dáta deiridh le hachomharc a chur faoi bhráid an Bhinse Luachála neamhspleách maidir le hathluacháil i gceantar údarás rátála Laoise agus bhí ráta achomhairc 1% i gContae Laoise. Beidh laghdú sna rátaí le brath ag thart ar 65% den lucht íoctha rátaí i gContae Laoise sa bhliain 2019 mar thoradh ar an tionscadal athluachála.


## REVAL 2019

**7.5** Tá dul chun cinn maith déanta leis an gcéad chéim eile den chlár náisiúnta luachála – ar a dtugtar Reval 2019. Beidh athluacháil thart ar 35,000 maoin sna Comhairlí Contae sa Chabhán, Fine Gall, Lú, an Mhí, Muineachán, Tiobraid Árann, Loch Garman agus Cill Mhantáin mar thoradh ar Reval 2019. Foilseofar na luachálacha nua do na hocht gceantar údarás áitiúil sa bhliain 2019 agus tiocfaidh feidhm leo do chríocha rátála ón mbliain 2020 ar aghaidh.

## An Ráta Bliantúil ar Luacháil

**7.6** Déantar rátaí tráchtála a ríomh trí luach na maoine a mhéadú faoin "Ráta Bliantúil ar Luacháil" (ARV) atá leagtha síos ag na húdaráis áitiúla.

Tá an ARV don bhliain 2018 do gach aon cheann de na 31 údarás áitiúil san áireamh in Aguisín 5.



# Athbhreithniú Leanúnach ar Luachálacha

**8.1** Leanann an Oifig Luachála, chomh maith leis an gClár Náisiúnta Luachála a chur chun cinn, atá mar thosaíocht straitéiseach, ag tabhairt faoi chlár athbhreithnithe leanúnach maidir leis na liostaí luachála atá ann cheana féin, ar éileamh ó údaráis áitiúla agus ó lucht íoctha rátaí. Leanann an Oifig, le linn a bheith ag tabhairt faoin gclár athbhreithnithe, le bealaí a fhiosrú le feabhas a chur ar a cumas ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar sheirbhís tráthúil atá ar ardchaighdeán.

**8.2** Lean an Oifig lena hiarrachtaí sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas athbhreithnithe sa bhliain 2018 agus bhí athbhreithniú 9,672 maoin mar thoradh air. Bhí Athbhreithniú 1,335 maoin bhreise ag dul ar aghaidh ag deireadh na bliana 2018 agus táthar ag súil é sin a bheith tugtha chun críche go luath sa bhliain 2019.

**8.3** Le linn na bliana 2018 rinneadh luacháil ar 1,915 foirgneamh nua do chríocha rátála don chéad uair, rud a chruthaigh ioncaim bhreise de €34.56 milliún ó rátaí do na húdaráis áitiúla.

**8.4** Chomh maith leis sin, fuair na húdaráis áitiúla ioncam breise ó rátaí sa bhliain 2018 mar gheall ar luacháil athruithe nó síneadh a cuireadh le thart ar 4,706 maoin tráchtála ar bhonn náisiúnta. Chruthaigh sé sin ioncam breise de €8.885 milliún.

**8.5** Le linn na bliana 2018, amhail blianta eile, baineadh maoin a d'aistrigh faoi réir fhorálacha Sceideal 4 de na hAchtanna Luachála ó bheith inrátaithe go neamh-inrátaithe ó na liostaí luachála. Áirítear ar na 2,320 maoin seo, a meastar ar fiú €8.499 milliún i rátaí iad, foirgnimh díolmhaithe a úsáideann carthanais, foirgnimh a úsáideann soláthraithe neamhbhrabúis maidir le seirbhísí oideachais a chur ar fáil agus maoin a ndearnadh athchóiriú orthu chun cónaí iontu agus foirgnimh a mheastar, seachas sin, nach bhfuil ar a gcumas áitíocht tairbhiúil a sholáthar níos mó.

**8.6** Dá réir sin, bhí an glanioncam iomlán breise do na húdaráis áitiúla thart ar €34.946 milliún ó chlár athbhreithnithe na bliana 2018.

**8.7** Mar thoradh ar na forálacha nua ina Acht Luachála (Leasú) 2015, bhí sruthlíniú a dhéanamh ag an Oifig Luachála ar an gcóras ríomhaireachta iarratais athbhreithnithe ar líne leis na húdaráis áitiúla go léir le linn na bliana 2018. Cuireann an córas, atá bunaithe ar shonraí a roinnt, ar chumas gach údarás áitiúil an suirbhé agus sonraí ábhartha eile a uaslódáil chuig córas ríomhaireachta na hOifige Luachála.

Déanann an tionscnamh seo sruthlíniú suntasach ar an bpróiseas Athbhreithnithe atá ann cheana féin agus is cuid ríthábhachtach atá ann ó thaobh a bheith mar bhonn taca le feabhsú leanúnach an phróisis san Oifig Luachála. Tá na sonraí, a fhaightear de ghnáth ó phróiseas pleanála an údaráis áitiúil, ríthábhachtach ó thaobh cur ar chumas na hOifige tabhairt faoina feidhm ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Is údar misnigh don Oifig na freagraí dearfacha atáthar a fháil ar feadh na bliana 2018 ó na húdaráis áitiúla atá bainteach leis an gcóras nua. Déanann comhroinnt na bpleananna maoine agus mionsonraí eile atá curtha ar fáil cheana féin ag lucht íoctha rátaí, laghdú ar an ualach a bhaineann le rialacha a chomhlíonadh agus laghdaítear ar dhúbailt oibre do na páirtithe go léir atá i gceist.

**8.8** Le linn na bliana 2018, comhaontaíodh doiciméad prótacail 'comhroinnt Sonraí' leis na húdaráis áitiúla, a thugann éifeacht d'fhoráil atá tugtha isteach ag an Acht Luachála (Leasú) 2015. Déanann sé seo éascú ar chomhroinnt fheabhsaithe sonraí idir an Oifig Luachála agus gach údarás áitiúil ar bhonn débhealaigh. Go sonrach, cuirfidh sé ar chumas na hOifige Luachála rochtain a fháil go leictreonach ar shonraí suirbhé 'de réir mar atá tógtha' ó stór lárnach. Déanfaidh an tionscnamh seo sruthlíniú suntasach ar an bpróiseas atá ann cheana féin agus beidh seirbhís Athbhreithnithe atá níos éifeachtaí mar thoradh air.

# Páirtdíolúine ó Rátaí Tráchtála do Chlubanna Spóirt Pobail

**9.1** Thug an tAcht Luachála (Leasú) 2015 isteach páirtdíolúine ó rátaí tráchtála do Chlubanna Spóirt Pobail a bhí cláraithe faoi Acht Clárú na gClubanna (Éire) 1904. Tá rátaí dlite i gcónaí, áfach, ar fhoirgnimh nó ar chuid d'fhoirgnimh a úsáidtear maidir le deoch mheisciúil a dhíol nó a ól, bia a dhíol nó a chaitheamh, miondíolachán nó a ligean le heagraíochtaí nach eagraíochtaí pobail iad.

**8.2** Ar mhaithe le leas a bhaint as an bpáirtdíolúine seo, éilíodh ar Chlubanna Spóirt Pobail a bhí cláraithe faoi Acht Clárú na gClubanna (Éire) 1904, iarratas a líonadh agus a chur faoi bhráid maidir le héileamh ar pháirtdíolúine. Fuarthas 22 iarratas den sórt sin ar an iomlán do pháirtdíolúine le linn na bliana 2018.



# Díolúine ó Rátaí Tráchtála do Shaoráidí Pobail Cúraim Leanaí

**10.1** Lean an Oifig Luachála, sa bhliain 2018, le foráil nua de chuid an Achta Luachála (Leasú) 2015 a fheidhmiú maidir le Saoráidí Pobail Cúraim Leanaí. Rinne an tAcht leasú ar Sceideal 4, alt 22 den Acht Luachála 2001 agus déantar foráil do dhíolúine ó rátaí tráchtála ar mhaoin den sórt sin.

**10.2** Sa bhliain 2018, fuarthas 3 iarratas le haghaidh díolúintí maidir le Saoráidí Cúraim Leanaí.



# Achomhairc Luachála

**11.1** Roimh thosach an Achta Luachála (Leasú) 2015, bhí ar chumas lucht íoctha rátaí achomharc a chur ar dtús faoi bhráid an Choimisinéara Luachála agus ina dhiaidh sin faoi bhráid an Bhinse Luachála maidir leis an luacháil dheiridh. Ó ritheadh an tAcht seo, cuirtear achomhairc faoi bhráid an Bhinse Luachála amháin anois. Is é an cás freisin, áfach, gur féidir le híocóir rátaí atá míshásta, aighneachtaí a chur faoi bhráid na hOifige Luachála, ar an gcéad dul síos, laistigh de 40 lá ón dáta ar eisíodh an teastas luachála beartaithe. Sa chás, tar éis breithniú a bheith déanta ar na haighneachtaí, go mbíonn aon íocóir rátaí fós míshásta maidir leis an luacháil atá curtha ar a maoin, tá sé de cheart acu achomharc foirmiúil a thaisceadh leis an mBinse Luachála laistigh de 28 lá ó thagann an luacháil nua ar an liosta luachála.

**11.2** Leagtar amach in Aguisín 3 tuilleadh mionsonraí maidir le hobair achomhairc ar thug an Oifig Luachála fúithi le linn na bliana 2018.





# Luachálacha maidir le bonneagar agus le maoin Stáit

## Luachálacha Uileghabhálacha

**12.1** Déantar foráil in Alt 53 den Acht Luachála, 2001, do ghnéithe líonra gnóthais fóntais poiblí áirithe ar bhonn "uileghabhálach" a thógtar ina n-iomláine maidir leis an ngnóthas áirithe. Tá aon cheann déag (11) de ghnóthais den sórt sin luacháilte ar bhonn uileghabhálach agus déantar athluacháil ar gach aon ghnóthas gach uile 5 bliana.

## Seirbhísí maidir le Luach an Mhargaidh

**12.2** Tugann an Oifig Luachála faoi líon cineálacha luacháil margaidh do Ranna agus d'Oifigí Rialtais agus do chomhlachtaí Stát neamhthráchtála mar gheall ar chuspóirí éagsúla, mar a leagtar amach thíos.

Áirítear ar na custaiméirí is mó:

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)
- An tÚdarás Clárúcháin Maoine
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann
- An tSeirbhís Chúirteanna
- TUSLA
- Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt
- Údaráis Áitiúla

**12.3** Sheol Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) Plean Bainistíochta an Stáit maidir le Sócmhainní Maoine sa bhliain 2013. Mar chuid den Phlean seo, tugann an Oifig Luachála faoi luachálacha margaidh oscailte do Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus d'Údaráis Áitiúla de réir *Ciorclán 11/15 na Roinne Caiteachais Phoiblí* agus Athchóirithe: *Protocols for the Transfer and Sharing of State Property Assets*. Le linn na bliana 2018, thug an Oifig luacháil chun críche ar 50 maoin den sórt sin as 35 iarratas, le comhluach caipitil de €78.115 milliún.

**12.4** Déantar na luachálacha go léir chun críocha luach margaidh de réir Caighdeáin Luachála Idirnáisiúnta 2013 agus Caighdeáin Luachála Gairmiúla an Royal Institute of Chartered Surveyors Valuation 2014 ("An Leabhar Dearg").

**12.5** Déantar achoimre i dTábla 3, Aguisín 1, ar thoradh seirbhísí Luach Margaidh a bhí á stiúradh ag an Oifig Luachála le linn na bliana 2018.

# Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí Eile

## Seirbhísí ar Líne

**13.1** Leanann an Oifig Luachála le raon seirbhísí ar líne a chuireann an Oifig ar fáil do chustaiméirí a leathnú amach, tá achoimre maidir leis an príomhghníomhaíochtaí leagtha amach in Aguisín 1, Tábla 4.

## Éilimh maidir le Saoráil Faisnéise

**13.5** Cuireadh naoi gcinn d'iarratais faoi bhráid na hOifige Luachála le linn na bliana 2018 faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Tá iarratas FOI amháin curtha ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

## Customer Complaints

**13.6** Fuair an Oifig Luachála 2 ghearán faoina *Cairt Chustaiméirí* sa bhliain 2018. Seasadh leis an dá (2) ghearán a fuarthas.

## Gearáin ó Chustaiméirí

**13.7** Thug an Oifig Luachála a beartas maidir le Nochtuithe Cosanta cothrom le dáta sa bhliain 2017. Tá an beartas seo leagtha amach leis an fhoireann a éascú agus a spreagadh le húdair imní maidir le héagóir a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú san áit oibre agus deis a chur ar fáil le himscrúdú a dhéanamh ar na húdair imní sin ar bhealach cuí a oireann d'imthosca an cháis. Sannadh an fhreagracht maidir le himscrúduithe nochtuithe a eagrú don Cheann Iniúchta agus Riosca Inmheánach. Ní bhfuair an Oifig Luachála aon Nochtuithe Cosanta le linn na bliana 2018.

## Nochtuithe Cosanta

**13.8** Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Cuireann sé rialachán nua ar fáil maidir le bailiú, próiseáil agus le húsáid sonraí pearsanta ag eagraíochtaí. Cheap an Oifig Luachála, mar chuid de na gníomhartha chun ceanglais an GDPR a chomhlíonadh, Oifigeach Cosanta Sonraí agus reáchtáladh líon seisiúin faisnéise maidir leis an GDPR d'fhoireann go léir na heagraíochta sular tháinig an rialachán nua i bhfeidhm.  Chomh maith leis sin, thugamar an ráiteas príobháideachais agus an *Cód Cleachtais maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta* cothrom le dáta agus d'ullmhaíomar forléargas nua ar an mBeartas Cosanta Sonraí. Tá faisnéis mionsonraí maidir lenár gcuid beartais Cosanta Sonraí le fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Luachála www.valoff.ie

## Plean Straitéiseach 2018-2020 na hOifige Luachála

**13.9** Ceanglaíonn forálacha an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 ar an Oifig Luachála ráiteas straitéise a ullmhú laistigh de shé (6) ón am a nglacann an tAire Rialtais nua ceannas ar an Oifig. Bhí aistriú feidhmeanna a bhaineann leis an Oifig Luachála chuig an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ón 1 Eanáir 2018 i gceist le himeacht den sórt sin. Dá réir sin, d'fhoilsigh an Oifig Luachála Plean Straitéiseach nua a chlúdaíonn an tréimhse 2018- 2020 i mí an Mheithimh 2018. Cuireann an plean seo leis an bplean a tháinig díreach roimhe – *Luach ár gCumas* – agus tugann breac-chuntas ar an mbealach a ndíreoimid ar fhreastal dár bhfreagrachtaí agus an bealach ina bhfeidhmeoimid beartais agus tionscnaimh Rialtais sna trí bliana atá amach romhainn. Tá breac-chuntas tugtha sa phlean seo ar ár gcuspóirí straitéiseacha agus an bealach a bhfuil sé i gceist againne mar eagraíocht na cuspóirí seo a sheachadadh agus tá sé sin go léir le fáil ar ár láithreán gréasáin www.valoff.ie

## Project AXIA

**13.10** Sa bhliain 2017, rinne saineolaithe neamhspleácha measúnú ar phríomhchóras oibríochta ICT na hOifige Luachála, ar a dtugtar VOS, laistigh den chomhthéacs Straitéis ICT nua a ullmhú don Oifig. Tháinig an measúnú seo ar an gcinneadh nach bhfuil an córas atá againn i láthair na huaire oiriúnach don fheidhm sa ghearrthéarma agus gur cóir córas atá suas chun dáta a chur ina áit ag a bhfuil an cumas buntáiste iomlán a bhaint ar na forbairtí teicneolaíochta nua-aimseartha. Dá réir sin, bhunaíomar tionscadal inmheánach sa bhliain 2018 ar a dtugtar – AXIA – le hathsholáthar VOS a chur chun cinn. Mar chuid den tionscadal, thug an Oifig faoi sholáthar seirbhísí comhairleacha do shonraíocht riachtanais agus tairisceana chun athsholáthar a dhéanamh ar an gcóras. I mí na Nollag 2018, bronnadh an conradh ar shaineolaithe ón Institute of Revenues, Rating and Valuation (IRRV) i gcomhar leis an International Property Tax Institute (IPTI) agus cuirfidh siadsan tús le próiseas comhairliúcháin leathan leis na páirtithe leasmhara go léir i dtús na bliana 2019.





# Oiliúint agus Forbairt


## Seirbhísí ar Líne

**14.1** Tugann na mionsonraí ar an taobh eile den leathanach breac-chuntas ar an leibhéal oiliúna agus forbartha ar thug foireann na hOifige Luachála faoi le linn gnáthuaireanta oibre le linn na bliana 2018. Sa bhreis air sin, thug an Oifig tacaíocht do chúigear (5) chomhalta foirne le cáilíocht tríú leibhéal a bhaint amach ina n-am féin, faoin scéim um Aisíoc Táillí Acadúla.


Bhí an caiteachas a bhain le hoiliúint don bhliain 2018 thart ar €74,000.

### Oiliúint – Anailís Cineálacha 2018

2018 Oiliúint - Anailís Cineálacha - de réir Lion na Nimeachtaí




2018 Oiliúint - Anailís Cineálacha - de réir Lion na Laethanta




| Catagóir | Líon na nImeachtaí | Líon Daoine Aonair | Líon na Rannpháirtithe | Líon na Laethanta |
|---|---|---|---|---|
| Sláinte agus Sábháilteacht | 4 | 25 | 25 | 25 |
| Ceannaireacht agus Bainistíocht | 10 | 24 | 38 | 58 |
| Scileanna IT | 20 | 36 | 47 | 63 |
| Scileanna Boga | 20 | 29 | 38 | 59 |
| Teicniúil | 17 | 17 | 37 | 92 |
| **Iomlán do 2018** | **71** | **80** | **185** | **297** |

* Tarlaíonn difríocht idir líon na ndaoine aonair agus líon na rannpháirtithe nuair a ghlacann duine aonair páirt i níos mó ná aon imeacht amháin sa chatagóir nó sa tréimhse atá tuairiscithe.

# Soláthar

**15.1** Bhí baint mhór ag an Aonad Soláthair le 14 comórtas soláthair le linn na bliana 2018, agus tá 10 acu sin críochnaithe agus na conarthaí sínithe. Bhí 4 chomórtas fós idir lámha ag deireadh na bliana 2018.

| Aonad Soláthair | Líon na gComórtas | Luach na gconarthaí a síníodh | Luach measta na gcomórtas atá idir lámha |
|---|---|---|---|
| ICT | 10 | €280,000 | €250,000 |
| Seirbhísí Corparáideacha | 1 | €0 | €90,000 |
| Tacaíocht Bainistíochta | 3 | €70,000 | €90,000 |
| Iomlán | 14 | €350,000 | €430,000 |





# Seirbhísí na hOifige Poiblí

**16.1** Cuireann an Oifig Phoiblí a ndéanann an Oifig Luachála cothabháil uirthi, raon leathan seirbhísí ar fáil do chustaiméirí, lena n-áirítear:

- Teastais reatha maidir le luacháil inrátaithe a ullmhú agus a eisiúint
- Teastais stairiúla maidir le luacháil inrátaithe a sholáthar
- Cóipeanna deimhnithe de mhapaí luachála a sholáthar
- Iniúchadh ar thaifid chartlainne a éascú
- Teastais de Luacháil Inrátaithe a eisiúint faoi Alt 67 d'Acht Luachála 2001

Tá mionsonraí maidir le gníomhaíochtaí le linn na bliana 2018 leagtha amach in Aguisín 1, Tábla 5.

**16.2** Tá cartlann lámhscríbhinní ag an Oifig ina bhfuil eolas maidir le luacháil inrátaithe a ghabhann le gach maoin sa Stát ó lár na 1850idí chomh fada leis na luath 1990idí, agus do mhaoin tráchtála amháin ón am sin ar aghaidh. Aithnítear an chartlann seo mar dhaonáireamh ionadach don tréimhse ó na 1850idí chomh fada le 1901 (an taifead daonáireamh iomlán is túisce sa tír). Is féidir úsáid a bhaint as an gcartlann le háititheoirí maoine áirithe a lorg thar thréimhse blianta.

**16.3** Cuirtear saoráidí ar fáil san Oifig Phoiblí do dhaoine den phobal atá ag tabhairt faoi thaighde ginealaigh le féachaint ar thaifid rátála agus ar mhapaí cartlainne. Tá cóipeanna d'iontrálacha sna taifid luachála agus den mhapa ábhartha a aithníonn suíomh na maoine, ar fáil.

**16.4** Cuireann an tAcht um Míchumas 2005 oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí a bhfoirgnimh, seirbhísí agus eolas poiblí a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. De réir an Achta, tá beirt chomhalta foirne ainmnithe ag an Oifig Luachála, le freagracht as cúnamh agus treoir a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar sheirbhísí na hOifige.



# Taifid Chartlainne

## Digitiú Leabhar na hOifige Cartlainne

**17.1** Cuimsíonn taifid luachála stairiúla atá á gcothabháil ag an Oifig Luachála acmhainn náisiúnta uathúil nach féidir luach a chur orthu agus nach mór iad a chaomhnú ar mhaithe leis na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh agus ag an am céanna iad a bheith inrochtana do dhaoine ar gá dóibh dul i muinín na dtaifead sin. Tá Tionscadal Caomhnúcháin Ábhar Taifead na hOifige Luachála leagtha amach le leabhair taifid luachála lámhscríofa agus na mapaí gaolmhara a chaomhnú a théann siar go dtí na 1850idí agus an t-eolas seo a chur ar fáil go digiteach dár gcustaiméirí.

**17.2** Tá digitiú na leabhar cartlannaíochta maidir le Ceatharlach, an Cabhán, an Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Ciarraí, Gaillimh, Cill Dara, Luimneach, Maigh Eo, an Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, agus Tiobraid Árann tugtha chun críche anois. Leanadh leis an gclár caomhnúcháin taifid uathúla lámhscríofa sa bhliain 2018 nuair a tugadh an tríú céim den digitiú seo chun críche. Mar thoradh air sin, beidh íomhánna digiteacha de Chill Chainnigh agus Port Láirge ar fáil lena bhfeiceáil ag ár gcustaiméirí go leictreonach i dtús na bliana 2019. Táthar ag leanúint leis an tionscadal le digitiú leabhair lámhscríofa atá fágtha agus cuirfimid na híomhánna sin ar fáil dár gcustaiméirí chomh luath agus is féidir.





## Aguisín 1

# 2018 i bhFigiúirí

### Tábla 1: Leibhéil foirne ag deireadh na bliana 2016 go 2018

| Leibhéil foirne ag deireadh na bliana | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|
| Comhionann lánaimseartha | 118.85 | 125.25 | 128.35 |

### Tábla 2: Achoimre ar an gClár Athbhreithnithe 2018

| Catagóir athbhreithnithe | Líon cásanna |
|---|---|
| Iarratais athbhreithnithe a próiseáladh | 9,672 |
| Iarratais athbhreithnithe idir lámha ag deireadh 2018 | 1,335 |
| Foirgnimh nua luacháilte | 1,915 |
| Athruithe agus sínte luacháilte | 4,706 |
| Maoin bainte as – níor measadh iad a bheith inrátaithe | 2,320 |
| Iarratais maidir le díolúine Clubanna Spóirt Pobail | 22 |
| Iarratais maidir le díolúine Saoráidí Pobail Cúraim Leanaí | 3 |

### Tábla 3: Achoimre ar Luachálacha Bonneagair agus Maoin Stáit 2018

| Cineál Luachála | Líon iarratais | Líon na maoine | Iomlán luachálacha |
|---|---|---|---|
| Ciorclán DPER 11/15 cás | 35 | 50 | €78,115,000 |
| Luachálacha Sócmhainne | 4 | 99 | €93,055,254 |
| Luachálacha Caipitil Eile | 25 | 26 | €33,063,600 |
| Luachálacha Cíosa | 70 | 70 | €825,070 |

### Tábla 4: Achoimre ar sheirbhísí ar líne 2018

| Seirbhís ar líne | Líon idirbhearta |
|---|---|
| Iarratais athbhreithnithe a rinneadh ar líne | 4,119 |
| Foirmeacha Faisnéise Athluachála a seoladh ar líne | 527 |
| Aighneachtaí maidir le hathbhreithniú a rinneadh ar líne | 420 |
| Láithreán gréasáin - líon seisiúin | 123,374 |
| Láithreán gréasáin - líon úsáideoirí | 53,617 |

## Tábla 5: Achoimre ar Theastais agus ar Sheirbhísí Cartlainne 2018

| Cineál Teastais | Cur síos | Líon iarratas a fuarthas | Líon teastais a eisíodh |
|---|---|---|---|
| Teastas maidir le luacháil reatha | Sliocht deimhnithe ón liosta luachála atá ann cheana féin | 38 | 38 |
| Teastas Alt 67 | Teastas eisithe de bhun iarratas a rinneadh faoi Alt 67 d'Acht Luachála 2001 | 119 | 119 |
| Teastas maidir le Luacháil Stairiúil agus Mapa Luachála Deimhnithe | Sliocht deimhnithe ó thaifid na hOifige Luachála do thréimhse sonrach Mapa Deimhnithe na hOifige Luachála | 548 | 477 |
| Cuardach ginearálta ar Thaifid Luachála | Cóipeanna Neamhdheimhnithe do Thaifid na hOifige Luachála | 132 | 132 |

## Tábla 6: Achoimre ar iarratais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise do 2018

| Iarratais maidir le Saoráil Faisnéise | Líon Cásanna |
|---|---|
| Cásanna a fuarthas in 2018 | 9 |
| Iarratais a deonaíodh in 2018 | 7 |
| Iarratais a diúltaíodh in 2018 | 2 |
| Iarratais faoi réir ag athbhreithniú inmheánach | 1 |
| Cásanna a chuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Faisnéise | 1 |

## Tábla 7: Achomharc ar ghearáin a fuarthas ó chustaiméirí le linn na bliana 2018

| Gearáin ó Chustaiméirí | Líon cásanna |
|---|---|
| Líon gearáin a fuarthas faoi *Chairt Custaiméirí* na hOifige Luachála | 2 |
| Líon gearáin ar seasadh leo | 2 |

## Aguisín 2

# Caiteachas agus Ioncam 2018

| Caiteachas agus Ioncam – Vóta 16 | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Clár A – Soláthar Seirbhíse Luachála Stát | | |
| **Caiteachas Reatha** | | |
| Tuarastail agus Pá | 7,008 | 6,482 |
| Taisteal agus Cothabháil | 194 | 182 |
| Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha | 553 | 333 |
| Postas & Seirbhísí Teileachumarsáide | 114 | 94 |
| Trealamh Oifige agus Seirbhísí IT | 585 | 582 |
| Costais maidir le Maoin Oifige | 87 | 71 |
| Seirbhísí Comhairleoireachta & Athbhreithniú ar Pholasaí VFM | 44 | 80 |
| Costais Dlí | 5 | 1 |
| An Clár Náisiúnta Athluachála | 553 | 1,276 |
| **Clár A – Caiteachas Reatha Iomlán** | **9,143** | **9,101** |
| Clár B – Soláthar Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála | | |
| Tuarastail agus Pá | 284 | 242 |
| Caiteachas Neamhphá | 487 | 338 |
| **Clár B – Caiteachas Reatha Iomlán** | **771** | **580** |
| **Ollchaiteachas Iomlán Vóta 16** | **9,914** | **9,681** |
| Ioncam (Leithreas i gCabhair) | | |
| Táillí | 1,488 | 1,008 |
| Ilghnéitheach | 46 | 20 |
| Asbhaint maidir le Pinsean as an Luach Saothair | 299 | 276 |
| **Ioncam Iomlán Vóta 16** | **1,833** | **1,304** |
| **Glanchaiteachas Iomlán Vóta 16** | **8,081** | **8,377** |

**Nóta:**
Tugtar breac-chuntas sa Tábla thuas ar an gcaiteachas agus ioncam iomlán do Vóta 16 ina iomláine a chlúdaíonn an Oifig Luacha (Clár A) agus an Binse Luachála neamhspleách (Clár B) araon. Níl obair an Bhinse Luachála laistigh de scóip na Tuarascála Bliantúil seo. Tá an caiteachas agus ioncam do 2018 faoi réir ag iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Aguisín 3

# Achomhairc Luachála 2018

| Cineál Achomhairc | Líon Foriomlán |
|---|---|
| Achomhairc Athbhreithnithe chuig an mBinse Luachála | 61 |
| Achomhairc Athluachála chuig an mBinse Luachála | 200 |

| 261 Achomharc maidir le hAthbhreithniú agus Athluacháil chuig an mBinse Luachála – Briseadh Síos | | |
|---|---|---|
| Toradh | Líon | % den iomlán |
| Comhaontaithe nó admhaithe | 92 | 35% |
| Éisteachtaí iomlána (breithiúnas a rinne an Binse) | 117 | 45% |
| Tarraingthe siar | 49 | 19% |
| Caite amach | 3 | 1% |

| 61 Achomharc maidir le hAthbhreithniú chuig an mBinse Luachála – Briseadh Síos | | |
|---|---|---|
| Toradh | Líon | % den iomlán |
| Comhaontaithe nó géillte | 21 | 34% |
| Éisteachtaí iomlán (breithiúnas a rinne an Binse) | 26 | 43% |
| Tarraingthe siar | 13 | 21% |
| Caite amach | 1 | 2% |

| 200 Achomharc maidir le hAthbhreithniú chuig an mBinse Luachála – Briseadh Síos | | |
|---|---|---|
| Toradh | Líon | % den iomlán |
| Comhaontaithe nó géillte | 71 | 35.5% |
| Éisteachtaí iomlán (breithiúnas a rinne an Binse) | 91 | 45.5% |
| Tarraingthe siar | 36 | 18% |
| Caite amach | 2 | 1% |

## Aguisín 4

# Daoine a bhí ag feidhmiú mar Choimisinéir Luachála agus mar Phríomh-Shuirbhéir Teorann

| | |
|---|---|
| Richard Griffith* | 1825-1868 |
| John Ball Greene | 1869-1892 |
| John G. Barton | 1893-1916 |
| James Carroll | 1917-1921 |
| Harris Firth | 1921-1922 |
| John Carbury | 1922-1928 |
| Joseph C. Gregg | 1928-1932 |
| John Herlihy | 1932-1941 |
| Cornelius McElligott | 1941-1955 |
| John N. McGrath | 1955-1959 |
| John Mooney | 1959-1969 |
| James Good | 1969-1973 |
| James M. McNicholl | 1973-1975 |
| Denis F. Ryan | 1975-1982 |
| Patrick B. Duffin | 1982-1987 |
| Thomas J. Barrett | 1987-1988 |
| Thomas P. O'Connor | 1988-1990 |
| James V. Rogers | 1990-2005 |
| Gilbert Storrs | 2005 |
| Aidan Murray | 2005-2012 |
| Dermot B. Quigley | 2012 |
| John O'Sullivan | 2012- |

*Príomh-Shuirbhéir Teorann ó 1825, Coimisinéir Luachála ó 1827

## Aguisín 5

# Ráta Bliantúil ar Luacháil (ARV) 2018

| Údarás Áitiúil | ARV |
|---|---|
| Comhairle Contae Cheatharlach | 0.2571 |
| Comhairle Chontae an Chabháin | 60.87 |
| Comhairle Chontae an Chláir | 72.99 |
| Comhairle Cathrach Chorcaigh | 74.98 |
| Comhairle Chontae Chorcaigh | 74.75 |
| Comhairle Chontae Dhún na nGall | 71.81 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 0.2580 |
| Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 0.1673 |
| Comhairle Chontae Fhine Gall | 0.1470 |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | 67.40 |
| Comhairle Chontae na Gaillimhe | 66.59 |
| Comhairle Chontae Chiarraí | 79.25 |
| Comhairle Chontae Chill Dara | 0.2246 |
| Comhairle Chontae Chill Chainnigh | 0.2000 |
| Comhairle Chontae Laoise | 66.57 |
| Comhairle Chontae Liatroma | 0.2103 |
| Comhairle Chontae agus Cathrach Luimnigh | 0.2627 |
| Comhairle Chontae an Longfoirt | 0.2400 |
| Comhairle Chontae Lú | 60.00 |
| Comhairle Chontae Mhaigh Eo | 73.92 |
| Comhairle Chontae na Mí | 69.625 |
| Comhairle Chontae Mhuineacháin | 57.63 |
| Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | 0.2198 |
| Comhairle Chontae Ros Comáin | 0.2250 |
| Comhairle Chontae Shligigh | 0.2305 |
| Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas | 0.2730 |
| Comhairle Chontae Thiobraid Árann | 56.77 |
| Comhairle Chontae agus Cathrach Loch Garman | 0.2583 |
| Comhairle Chontae na hIarmhí | 0.183 |
| Comhairle Chontae Loch Garman | 73.67 |
| Comhairle Chontae Chill Mhantáin | 72.04 |

## Aguisín 6

# Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha

## Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánach ag an Oifig agus go bhfuil sé á oibriú aici. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid dualgais eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le córas ar bith de rialú airgeadais inmheánach ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialaithe inmheánacha airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí is atá sé.

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhís Comhroinnte (NSSO) feidhmeanna acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an NSSO an tOifigeach Cuntasaíocht don Vóta sin, agus tá sé freagrach as rialuithe a fheidhmiú laistigh de na hionaid seirbhíse comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhíse idir an Oifig Luachála agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhís Comhroinnte sásaithe agam ó thaobh seirbhísí acmhainní daonna a sholáthar.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte le dearbhú neamhspleách a sholáthar laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tuigim go bhfuil iniúchtaí á stiúradh ag comhlacht cuntasaíochta de réir Caighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) atá leagtha amach le tuairisc a thabhairt do na ranna a bhaineann úsáid astu agus dá gcuid iniúchóirí maidir le rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte.

Cuimsíonn na hiniúchtaí (i) measúnú ullmhachta le rioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus le hanailís ar bhearnaí a chur ar fáil, tar éis (ii) tuarascála ar leagan amach na rialuithe atá ann cheana féin, agus (iii) tuarascáil bhliantúil maidir le cibé an bhfuil na rialuithe ag feidhmiú go héifeachtach.

Tá litir curtha ar fáil ag Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte dom a thugann breac-chuntas an dul chun cinn ar fheidhmiú an próiseas dearbhaithe iniúchta, táthar ag súil go dtabharfar tuarascáil dom maidir le feidhmiú rialuithe agus rialuithe a bheith ann, mar a leagtar amach sa litir.

Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte de réir mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte iad.

## An timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach ag dul leis sin
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe i dtaca le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú

- tá Coiste Iniúchóireachta in áit chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach
- tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis gnó
- tá córais i bhfeidhm le sócmhainní a chosaint

## Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe, go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:

- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéise
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig Luachála
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras ICT a chinntiú
- tá treoirlínte cuí ann do rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal
- Cinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtais i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha soláthair go léir.

## Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an Oifig Luachála ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agamsa. Tá obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig Luachála neamhchosanta orthu agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, a cheadaíonn mise, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánach. Tá nósanna imeachta curtha in áit agam chun a chinntiú go dtarlaíonn gníomh leantach mar thoradh ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig, agus leis an gcóras sin sainaithnítear agus déantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina sainaithnítear na príomhrioscaí a gcaithfidh an Roinn aghaidh a thabhairt orthu agus sainaithníodh na rioscaí sin agus rinneadh measúnú agus grádú orthu de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár sin gach ráithe. Baintear leas as torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh maidir le hacmhainní agus iad a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal atá inghlactha.

Déantar na bearta rialaithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú a leagan amach sa chlár rioscaí agus sanntar freagracht as feidhmiú na mbeart rialaithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ar rialú in iúl go tráthúil do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, más iomchuí.

Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na bearta rialaithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhbhearta rialaithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le haon easnaimh a shainaithnítear.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig Luachála chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann an obair a dhéanann iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach san Oifig atá freagrach as an gcreat rialála inmheánaigh airgeadais a fhorbairt, agus cothabháil a dhéanamh air, eolas ar fáil don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Oifig ar éifeachtacht an chórais rialála inmheánaigh airgeadais.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí maidir le rialú inmheánach airgeadais don bhliain 2018 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.


P. ELLIOTT

Valuation Office
Oifig Luachála

Bloc 2, Ionad Irish Life,
Sráid na Mainistreach Íocht., Baile Átha Cliath D01E9X0

**Teil:** +353 1 817 1000
**Facs:** +353 1 817 1180
**Gréasán:** www.valoff.ie

**Gach ceist/iarratas Rátála ar thuarascálacha luachála**
**R-phost:** valuationservices@valoff.ie

**Oifig Phoiblí-Taighde Cartlainne/ Sleachta Deimhnithe**
**R-phost:** info@valoff.ie

**Oifig Phoiblí – Uaireanta Oscailte**
**Luan go Aoine, gan saoire phoiblí san áireamh:** 9.15am to 4.30pm

